

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo? What did you do this week?
Bhí mé ag ... *I was at ...*
Chuaigh mé go (dtí an) ... *I went to (the) ...*
Chonaic mé ... *I saw ...*
D'ith mé ... *I ate ...*

2. An bhfuil tú i do chónaí i gcathair Do you live in a big city or in a small
mhór nó i mbaile beag? town?

3. Cad is maith leat faoin áit ina bhfuil What do you like about the place you live?
tú i do chónaí?

4. An bhfuil rud speisiúil sa stair a Is there something interesting in the
bhaineann leis an áit ina bhfuil tú i do history that relates to the place you live?
chónaí?

Aillte – Sliabh Liag (TG4)

Cliffs – Slieve League (TG4)

1. Tá breis is 60,000 (seasca míle) baile fearainn in Éirinn. There are more than 60,000 townlands in Ireland.
2. 'Sé an baile an t-aonad riaracháin is lú agus is buaine atá againn. The town is the smallest and most long-lasting administrative unit that we have.
3. Sa tsraith seo déanaimid ár gcuid bailte fearainn a cheiliúradh, chun aithne níos fearr a chur ar na pobail a mhaireann iontu, In this series we celebrate our townlands, to become better acquainted with the communities that live in them,
4. an cultúr as ar fáisceadh iad, na slite beatha a chothaíonn iad, agus an tírdhreach a mhúnlaíonn iad. the culture from which they were squeezed, the the work that sustains them, and the landscape that shapes them.
5. Suite i gcroílár Contae na Mí, 5 (cúig) chiliméadar siar ó Bhaile na hUaimhe atá an baile fearainn Gaeltachta Ráth Chairn. Located in the very center of County Meath, 5 kilometers west of Navan, is the Gaeltacht townland of Rathcairn.
6. Éisceacht é Ráth Chairn le hais bailte fearainn eile a thug mé cuairt orthu go dtí seo mar go bhunaigh muintir Ráth Chairn pobal nua Rathcairn is an exception to the other townlands I visited so far, because the people of Rathcairn established a new community.
7. Bhunaigh siad a mbaile féin. They founded their own townland.
8. Is i 1935 (naoi déag triocho a cúig) a tháinig formhór de shinsir mhuintir Ráth Chairn anseo. It's in 1935 that most of the ancestors of the people of Rathcairn came here.
9. Ach tá scéal an bhaile ag dul i bhfad níos faide siar ná sin. But the story of the townland goes much further back than that.
10. Chun tuilleadh eolais a fháil, tá mé ag dul a labhairt le píobaire agus gníomhaí pobail, Éanna Ó Cróinín. To get more information, I am going to talk with a piper and community activist, Éanna Ó Cróinín.
11. Go hálainn. Go raibh míle maith agat. Tá fáilte romhat. Lovely. Thanks a lot. You're welcome.

- | | | |
|-----|---|--|
| 12. | Cén chaoi a bhfuil tú, a Éanna. Go maith agus tú féin? Tá mé iontach. | How are you, Éanna. Well, and yourself? I'm wonderful. |
| 13. | Ní minic a tharlaíonn sé go mbíonn ceoltóir os mo chomhair ar bharr an chnoic. | It's not often that it happens that there is a musician before me on the top of a hill. |
| 14. | Is sliabh é seo dúinn, ní cnoc. | This is a mountain to us, not a hill. |
| 15. | Céard atá os ár gcomhair anseo. Tá sé álainn ar fad. | What is before us here. It's altogether beautiful. |
| 16. | Tá tú ag breathnú amach anseo ar Ghaeltacht Ráth Chairn. | You're looking out here on the Rathcairn Gaeltacht. |
| 17. | Má théann tú ó dheas an taobh sin agus soir an taobh sin cineál ar uillinn 90° (nócha céim) sin ansin an Ghaeltacht amach romhat. | If you go south on that side and east on that side, sort of on a 90° angle that's the Gaeltacht out in front of you. |
| 18. | Na tithe sin uilig agus feiceann tú an ionad pobail, feiceann tú teach an phobail as seo chomh maith. | All those houses and you see the community center, you see the church from here as well. |
| 19. | Cén chaoi ar tharla sé go dtáinig Gaeltacht anseo? | How did it happen that a Gaeltacht came here? |
| 20. | Tá tús an scéil bainte leis an méid daoine is dóigh a bhí i gConamara ag an am. | The start of the story has to do with the number of people, I suppose, that were in Connemara at the time. |
| 21. | Bhí fadhb mhór leis an daonra agus bhí imirce ag tarlú go tréan ann. | There was a big problem with the population and emigration was happening a lot. |
| 22. | Ní raibh a dhóthain talún ann le daoine a choinneáil ann. | There wasn't enough land to keep people there. |
| 23. | I 1934 (naoi déag triocha a ceathair) bhí na tiarna talún Sasanacha, bhí siad ag díol a gcuid tailte ar ais le Rialtas na hÉireann. | In 1934 the English landlords, they were selling their lands back to the Irish Government. |
| 24. | Agus thart ar an am céanna, chuaigh grúpa as Conamara chomh fada leis an | And around the same time, a group from |

- Dáil ... Connemara when as far as the Dáil ...
25. agus labhair siad le De Valera agus bhí siad ag iarraidh cuid den talamh seo a bhí á gceannach san oirthear a thabhairt do mhuintir an iarthair. and they spoke with De Valera and they were asking for some of the this land that was being bought in the east to give to the people of the west.
26. Tá pictiúr cáiliúil ann de chuid de na fir céana agus iad ina seasamh ar bharr Chnoic na Teamhrach atá le feiceáil soir uainn anseo ... There is a famous picture of some of the same men standing on top of the Hill of Tara that can be seen east of us here ...
27. agus iad ag breathnú amach ar na páirceanna móra millteacha seo i gContae na Mí a bhí na céadta acraí ar méid. and they were looking out on these huge fields in County Meath that were hundreds of acres in siye.
28. Ní fhaca siad a leithéid ariamh. They had never seen such a thing.

Ceisteanna

Questions

- | | |
|---|---|
| 1. Cé mhéad baile fearainn atá in Éirinn? | How many townlands are there in Ireland? |
| 2. Cá bhfuil Gaeltacht Ráth Chairn suite? | Where is the Rathcairn Gaeltacht located? |
| 3. Cén fáth gur éisceacht é Ráth Chairn ar na bailte eile? | Why is Rathcairn an exception to the other towns? |
| 4. Cathain ar tháinig daoine go Ráth Chairn? | When did people come to Rathcairn? |
| 5. Cé hé Éanna Ó Cróinín? | Who is Éanna Ó Cróinín? |
| 6. Cén fáth go raibh daoine ag fágáil Chonamara? | Why were people leaving Connemara? |
| 7. Cé leis ar labhair na daoine as Conamara? | Who did the people from Connemara speak with? |
| 8. Cad a bhí muintir Chonamara ag iarraidh? | What were the people from Connemara asking for? |
| 9. Cá raibh na fir ina seasamh sa phictiúir cáiliúil atá luaite sa scéal? | Where were the men standing in the famous picture that is mentioned in the story? |
| 10. Cad air a raibh siad ag breathnú? | What were they looking at? |